C/2024/1913

29.2.2024

Fógra achomair maidir le grinn-imscrúdú a thionscnamh i gcás FSP.100147 de bhun Airteagal 10(3)(d) de Rialachán (AE) 2022/2560

(C/2024/1913)

An 16 Feabhra 2024, i gcomhréir le hAirteagal 10(3) de Rialachán (AE) 2022/2560 (an 'Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha') ([1]), chinn an Coimisiún grinn-imscrúdú a thionscnamh sa chás thuasluaite tar éis dó teacht ar thásca leordhóthanacha, bunaithe ar réamh-athbhreithniú, gur deonaíodh fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach do CRRC Qingdao Sifang Locomotive Co., Ltd. (an 'Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige') sa nós imeachta soláthair phoiblí ar a dtugtar tuairisc thíos. Tá tionscnamh an ghrinn-imscrúdaithe maidir leis an nós imeachta soláthair phoiblí faoina dtugtar fógra gan dochar don chinneadh críochnaitheach sa chás seo.

1. An nós imeachta soláthair phoiblí

An 4 Meán Fómhair 2023, sheol Aireacht Iompair agus Cumarsáide na Bulgáire (dá ngairtear anseo feasta: an t-údarás conarthach) nós imeachta soláthair phoiblí oscailte le haghaidh an tionscadail 'An Bhulgáir-Sóifia: Innill agus rothstoc iarnróid agus trambhealaigh agus páirteanna gaolmhara' faoi thagairt 2023/S 169-531800 ([2]) dar luach measta EUR 613 765 903,66 ([3]). Baineann an tairiscint leis an tionscadal seo a leanas: 20 traein bhrú is tarraingthe a sholáthar, ar traenacha leictreacha aon stóir iad agus a bhfuil uasluas 200 km/h agus toilleadh 300 suíochán ar a laghad ag gach ceann acu, cothabháil iomlán an rothstoic ó iontráil an chéad traenach doscartha sa chlárlann náisiúnta ábhartha ar feadh tréimhse 15 bliana chomh maith le hoiliúint a chur ar an bhfoireann. Ba é an 8 Nollaig 2023 an spriocdháta ar cuireadh síneadh leis chun tairiscintí a chur isteach, agus fuair an t-údarás conarthach dhá thairiscint faoin lá sin.

An 3 Eanáir 2024, san fhógra uaidh le tagairt 2024/S 002-003259, dhearbhaigh an t-údarás conarthach nár éirigh leis an nós imeachta oscailte toisc nár chomhlíon aon cheann de na tairiscintí a fuarthas na ceanglais a bhaineann le comhlíonadh an chonartha. Mar thoradh air sin, chinn an t-údarás conarthach nós imeachta idirbheartaithe a sheoladh gan é a fhoilsiú roimh ré agus d'iarr sé ar an dá thairgeoir a chuir tairiscint isteach le linn an nós imeachta oscailte páirt a ghlacadh sa nós imeachta idirbheartaithe.

Ba é an 17 Eanáir 2024 an spriocdháta chun tairiscintí a chur isteach sa nós imeachta idirbheartaithe gan é a fhoilsiú roimh ré.

An 22 Eanáir 2024, fuair an Coimisiún fógra de bhun Airteagal 29(1) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha ó CRRC Qingdao Sifang Locomotive Co., Ltd., ar fógra é arna chur ar aghaidh ag an údarás conarthach maidir leis an nós imeachta soláthair phoiblí le haghaidh an tionscadail 'An Bhulgáir-Sóifia: Innill iarnróid agus trambhealaigh agus rothstoc agus páirteanna gaolmhara' i gcomhthéacs an nós imeachta idirbheartaithe gan é a fhoilsiú roimh ré.

2. An Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige agus ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha faoina dtugtar fógra

An Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, is fochuideachta faoi úinéireacht tromlaigh CRRC Sifang Co., Ltd., atá faoi úinéireacht CRRC Corporation Limited, é. Go comhthreomhar, tá scaireanna ag an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige i roinnt fochuideachtaí gan neamhspleáchas tráchtála atá gníomhach sa tSín agus i Singeapór, san Airgintín, san Éigipt, san Indinéis agus sa Bhrasaíl.

Níor thuairiscigh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige aon ranníocaíocht airgeadais eachtrach a d'fhéadfadh teacht faoi Airteagal 5 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, ar dócha go ndéanfaidh siad an margadh inmheánach a shaobhadh.

Luaigh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige nach bhfuair sé féin aon ranníocaíocht airgeadais eachtrach a bhí cothrom le nó níos mó ná EUR 4 mhilliún in aghaidh an tríú tír.

An 24 Eanáir 2024, chuir seirbhísí an Choimisiúin iarraidh ar fhaisnéis chuig an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, agus an 26 Eanáir 2024 mar spriocdháta chun freagra a thabhairt, agus is é a iarradh san iarraidh sin (i) faisnéis faoina struchtúr úinéireachta = i gcomhréir le hAirteagal 28(1)(b) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, (ii) faisnéis maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha uile a fuair na heintitis a sainaithníodh faoin bpointe roimhe sin, nuair atá luach

([1]) Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach, IO L 330, 23.12.2022, lch. 1

([2]) https://ted.europa.eu/GA/notice/-/detail/531800-2023

([3]) Bunaithe ar ráta malairte an 26 Eanáir 2024, i gcás ina bhfuil 1 Lev na Bulgáire cothrom le EUR 0,5111.

na ranníocaíochta(í) airgeadais aonair cothrom le nó níos mó ná EUR 4 mhilliún sna 3 bliana roimh an bhfógra in aghaidh an tríú tír, (iii) faisnéis faoi cé acu a deonaíodh nó nár deonaíodh aon ranníocaíocht airgeadais eachtrach aonair atá cothrom le nó níos mó ná EUR 4 mhilliún in aghaidh an tríú tír d'aon fhochuideachta dhíreach nó indíreach de chuid CRRC Corporation Limited sna 3 bliana roimh an bhfógra, agus (iv) tuarascálacha bliantúla nó ráitis airgeadais ábhartha le haghaidh na 3 bliana roimh an bhfógra. Thug an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige freagra ar an iarraidh ar fhaisnéis faoin spriocdháta.oin

3. **Tásca maidir le fóirdheontais eachtracha a bheith ann**

Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil don Choimisiún ag an gcéim seo, ([4]) measann sé go bhfuil tásca leordhóthanacha ann go bhfuair an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige – i gcomhréir le hAirteagal 28(1)(b) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha – na fóirdheontais eachtracha seo a leanas de réir bhrí Airteagal 3 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha:

— Conarthaí soláthair phoiblí arna ndámhachtain don Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige agus d'eintitis CRRC Corporation Limited ar mó ná EUR 7,5 billiún iad agus a chuaigh chun tairbhe an Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige. Go deimhin, theip ar an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige fianaise leordhóthanach a sholáthar gur dámhadh na conarthaí soláthair phoiblí sin d'eintitis CRRC Corporation Limited ar dhálaí iomaíocha margaidh. Ina theannta sin, baineann na conarthaí sin agus an tairbhe gaolmhar go sonrach leis an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige.

— Iarmhéid iomlán na ndeontas rialtais dar luach EUR 804 mhilliún ón 30 Meitheamh 2023, a cuireadh san áireamh mar ioncam iarchurtha, rud a chuaigh chun tairbhe an Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, agus a bhaineann go sonrach leis an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige.

— Deontais rialtais 'seachas deontais a bhfuil dlúthbhaint acu le gnó na cuideachta', a cuireadh ar fáil do CRRC Corporation Limited i méideanna EUR 355 mhilliún le haghaidh 2020, EUR 301 mhilliún le haghaidh 2021, EUR 234 mhilliún le haghaidh 2022, agus EUR 51 mhilliún don chéad leath de 2023, rud a chuaigh chun tairbhe an Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, agus a bhaineann go sonrach leis an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige.

4. **Tásc maidir le saobhadh sa mhargadh inmheánach**

Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil don Choimisiún ag an gcéim seo, measann sé go bhfuil tásca leordhóthanacha ann go bhféadfadh na fóirdheontais eachtracha a sainaithníodh roimh ré i Roinn 3 feabhas a chur ar staid iomaíoch an Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige sa mhargadh inmheánach agus, ar an gcaoi sin, difear diúltach iarbhír nó féideartha a dhéanamh d'iomaíocht sa mhargadh inmheánach de réir bhrí Airteagal 4 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

Is éard atá i méid iomlán na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha a léirítear thuas thart ar EUR 1,745 billiún, agus dá réir sin, tá sé cúig oiread níos mó ná luach thairiscint an Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige.

5. **Conclúid**

I bhfianaise mhéid iomlán na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha agus ós rud é go bhfuil tairiscint an Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige a cuireadh faoi bhráid an nós imeachta soláthair phoiblí atá i gceist i bhfad níos ísle ná costais mheasta an údaráis chonarthaigh agus thairiscint an iomaitheora, tá tásca leordhóthanacha ag an gCoimisiún, bunaithe ar a réamh-athbhreithniú ar na ranníocaíochtaí airgeadais atá faoi scrúdú, gur deonaíodh fóirdheontais eachtracha don Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige a d'fhéadfadh an margadh inmheánach a shaobhadh.

6. **Cuireadh chun barúlacha a chur isteach**

I gcomhréir le hAirteagail 10(3)(d) agus 40(1) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha agus le hAirteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2023/1441, iarrann an Coimisiún ar aon duine nádúrtha nó dlítheanach, ar na Ballstáit agus ar an tríú tír a dheonaigh na fóirdheontais eachtracha a shainaithnítear i Roinn 3 a mbarúlacha a chur isteach. I gcomhréir le hAirteagal 8(3) de Rialachán (AE) 2023/1441, i gcás ina mbeidh faisnéis rúnda sna barúlacha i scríbhinn a cuireadh isteach, soláthróidh an duine a bhfuil aighneacht á cur isteach aige leagan neamhrúnda den aighneacht an tráth céanna leis an leagan rúnda.

([4]) D'ainneoin gur iarr an Coimisiún ar an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige na heintitis uile a thagann faoi Airteagal 28(1)(b) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha a liostú, tugann an Coimisiún dá aire nach raibh na heintitis uile liostaithe, agus dá bhrí sin, ní féidir a eisiamh go bhfuair eintitis nach bhfuil liostaithe ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha breise ar fóirdheontais eachtracha iad.

I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh soláthraithe barúlacha a iarraidh nach nochtfar a gcéannacht. Deonófar anaithnideacht bunaithe ar chúis mhaith fhollasach a léirítear san iarraidh.

Chun go gcuirfear barúlacha san áireamh go hiomlán mar chuid den nós imeachta, ba cheart na barúlacha sin a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá oibre tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún trí ríomhphost chuig grow-fsr-pp-notifications@ec.europa.eu, agus an tagairt FSP.100147 leis.